


*Rannóg Pholasáí,  
Curaclaim agus Measúnachta,  
An Roinn Oideachais agus  
Scileanna,  
Sráid Mhaoilbhríde  
Baile Átha Cliath 1  
D01 RC96*



*Curriculum and Assessment  
Policy Unit,  
Department of Education and  
Skills  
Marlborough Street  
Dublin 1  
D01 RC96*

## **Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc Iar-bhunscoileanna agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

### **Forfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta (2011-2020)**

**Imlitir 42/2015**

#### **1. Réamhrá**

San imlitir seo leagtar amach raon de bhearta breise atá á gcur ar bun chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga, 2011-2020*.

Cuimsítear ann:

- An Pas Oideachais
- Tacaíocht na Leabharlanna Poiblí do Scoileanna
- Athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta

#### **2. Pas Oideachais**

Le feidhm ó Mheitheamh 2012, agus mar a leagtar amach in Imlitir 25/2012, tá príomhoidí iar-bhunscoile freagrach as príomhoide gach bunscoile a chur ar an eolas faoi ainmneacha na scoláirí a bhfuil rollú ina (h)iar-bhunscoil deimhnithe ina leith.

Go dtí seo, agus an t-eolas seo faighte, bhí ar phríomhoide gach bunscoile (Imlitir 0056/2011) cóip den chárta tuairisce dheireadh na bliana (lena n-áirítear an fhaisnéis ó thrialacha caighdeánaithe do rang a sé sa bhunscoil) a sheoladh chuig an iar-bhunscoil a n-aistreoidh an scoláire chuici.

Le hImlitir 27/15, atá dírithe ar bhunscoileanna, tá foráil, ag tosú sa bhliain acadúil 2014/15, go bhfuil cnuasach níos leithne d'ábhair le haistriú ó bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna, ar a dtugtar an Pas Oideachais. Féachtar sna hábhair le tacú leis an dá chuspóir: tuairisciú do thuismitheoirí agus faisnéis faoi dhaltai a aistriú ó bhunscoileanna go dtí iar-bhunscoileanna. Tá an Pas Oideachais le cur chuig an iar-bhunscoil ábhartha i ndiaidh deimhnithe ar rollú.

Tá ábhair an Phas Oideachais forbartha ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) mar thoradh ar thréimhse fhada rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara.

Áirítear ar ábhair an Phas Oideachais na nithe seo a leanas

- *Teimpléad an Chárta Tuairisce do Rang 6* (leagan caighdeánach) le comhlánú ag scoileanna.
- An bhileog dar teideal *Mo Phróifíl* atá le comhlánú ag daltaí i mbunscoileanna sula roinnfear lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí í.
- An bhileog dar teideal *Próifíl Mo Pháiste* atá le comhlánú ag tuismitheoirí/caomhnóirí. Ba chóir í seo a sheoladh in éineacht leis an mbileog *Mo Phróifíl* chuig tuismitheoirí/caomhnóirí faoi dheireadh an dara seachtain i mí an Mheithimh ar a dhéanaí. Féadfaidh tuismitheoirí *Próifíl Mo Pháiste* a chomhlánú más mian leo. Ba chóir don bhunscoil *Próifíl Mo Pháiste*, má chomhlánaítear í, chomh maith le bileog *Mo Phróifíl* an dalta agus an *Cárta Tuairisce do Rang 6*, a chur ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi riar an Phas Oideachais, ba chóir do scoileanna féachaint ar na Ceisteanna Coitianta ag [www.ncca.ie/transfer](http://www.ncca.ie/transfer).

### **3. Tacaíocht na Leabharlanna Poiblí do Scoileanna**

Tacaíocht shaibhir d'iar-bhunscoileanna i bhforbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta daoine óga is ea an réimse d'acmhainní agus gníomhaíochtaí a chuireann na leabharlanna poiblí ar fáil. Trí thógáil ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana féin idir leabharlanna agus scoileanna, is féidir leis na hiar-bhunscoileanna uile leas a bhaint go díreach as an gcaidreamh reatha seo trína gcuireann an tseirbhís leabharlainne poiblí acmhainní agus seirbhísí ábhartha ar fáil don scoil agus do na scoláirí.

Áiríonn na seirbhísí leabharlainne poiblí: rochtain shaor in aisce ar bhailiúchán leathan d'acmhainní foghlama sa bhainse leabharlainne agus ar líne; acmhainní foghlama a sholáthar do dhaoine óga, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí atá ag teacht le curaclam na scoile agus leis an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta; tacaíocht do scoileanna i bhforbairt scileanna léitheoireachta, cruthaitheacht, samhlaíocht, eolas agus dúil na scoláirí sa léitheoireacht; treoir shaineolach a sholáthar agus foinse rochtana iontaoifa ar fhaisnéis den uile chineál, ní hamháin do mhúinteoirí ach freisin do scoláirí.

*Tá abhantrach d'iar-bhunscoileanna ainmnithe do gach brainse leabharlainne agus liostaithe i dtábla atá ar fáil ar líne ar shuíomh gréasáin na leabharlanna poiblí ag [www.librariesireland.ie/services-to-schools](http://www.librariesireland.ie/services-to-schools).*

Cuirfidh gach brainse leabharlainne comhpháirtíochta na seirbhísí a luaitear thíos ar fáil do gach iar-bhunscoil agus déanfar teagmháil go díreach le gach scoil i rith gach scoilbhliana. I gcás scoileanna áirithe, cuirfear roinnt de na seirbhísí ar fáil tríd an leabharlann taistil, an veain leabharlainne scoile nó tríd an gceanncheathrú leabharlainne. Rachaidh gach seirbhís leabharlainne i dteagmháil le príomhoide na scoile chun tús a chur leis an tseirbhís. Déanfaidh gach seirbhís leabharlainne teagmháil freisin ag druidim le tús gach scoilbhliana agus tabharfaidh siad eolas faoi na seirbhísí agus acmhainní leabharlainne atá ar fáil do gach scoil.

## Áirítear sa réimse seirbhísí leabharlainne saor in aisce atá ar fáil d'iar-bhunscoileanna:

- **Cuairteanna ranga ar an leabharlann**  
Freastalóidh brainsí leabharlainne ar chuairteanna ranga óna n-iar-bhunscoil comhpháirtíochta ar a leabharlann, más indéanta. Eagrófar cuairteanna dá leithéid go háitiúil roimh ré.
- **Cárta leabharlainne do gach múinteoir**  
Beidh gach múinteoir iar-bhunscoile sa scoil i dteideal cárta leabharlainne múinteora a fháil, ar iarratas, óna mbrainse leabharlainne comhpháirtíochta. Cuirfidh an cárta ar chumas an mhúinteora míreanna a fháil ar iasacht dá rang ón mbrainse leabharlainne comhpháirtíochta agus freisin, más cuí, tríd an tseirbhís leabharlainne taistil.
- **Cu(i)r i láthair maidir leis na seirbhísí leabharlainne**  
Féadfaidh gach seirbhís leabharlainne cur i láthair a dhéanamh ar a gcuid seirbhísí leabharlainne do mhúinteoirí, do scoláirí nó do thuismitheoirí, ar iarratas, agus ag am a bheidh aontaithe le príomhoide na scoile, ag an mbrainse leabharlainne más indéanta, nó ag an scoil. Féadfar scoileanna a ghrúpáil le chéile don chur i láthair seo.
- **Réimse d'acmhainní leabharlainne ábhartha curtha ar fáil**  
Áirítear ar na seirbhísí atá ar fáil do gach scoil soláthar d'ábhair léitheoireachta agus tacaíochta curaclaim, bailiúcháin d'osaigh óga agus acmhainní foghlama ar líne.
- **Spásanna staidéir ar fáil laistigh den bhainse leabharlainne**  
Beidh spásanna staidéir do scoláirí ar fáil sa bhainse leabharlainne comhpháirtíochta más cuí, chomh maith le rochtain ar Idirlíon/Wi-Fi.
- **Obair thaighde agus thionscadail**  
Cuirfidh an brainse leabharlainne acmhainní agus cúnaimh ar fáil do scoláirí agus do mhúinteoirí d'obair thionscadail agus taighde scoile, laistigh den bhainse leabharlainne nó go leictreonach, mar atá ar fáil.
- **Tacaíocht leanúnach chun scileanna léitheoireachta daoine óga a láidriú**  
Cuirfear tacaíocht ar fáil do dhaoine óga agus do thuismitheoirí maidir le hacmhainní agus gníomhaíochtaí atá ar fáil chun scileanna agus spéiseanna léitheoireachta scoláirí a fhorbairt.
- **Stair Áitiúil**  
Cuireann roinn na staidéar áitiúil den tseirbhís leabharlainne rochtain, lean n-áirítear rochtain acmhainne ar líne, ar réimse leathan d'ábhar stairiúil faoin gceantar áitiúil, amhail mapaí, grianghraif, doiciméid agus faisnéis. Cuirfear é seo ar fáil do scoileanna má iarrtar é.

## 4. Athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta

I bhfianaise na dtorthaí a baineadh amach faoin Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta go dtí seo, tá athbhreithniú ar an Straitéis a bhí beartaithe do 2016 tugtha ar aghaidh anois go dtí 2015. Tabharfaidh athbhreithniú eatramhach 2015 ar an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta léargas ar rathanna na Straitéise agus aibhsiú ar

na bearnaí agus na dúshláin atá aitheanta. Aibhseofar leis na réimsí nach mór tosaíocht a thabhairt dóibh sa dara leath de thréimhse saoil na Straitéise.

Moltar do scoileanna féachaint ar [www.education.ie](http://www.education.ie) go rialta do nuacht faoi thuilleadh forbairtí.

**Breda Naughton**  
**Príomhoifigeach**  
**Lúnasa 2015**